Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2025
(OR. en)

9634/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2008/0140 (CNS)**

**ANTIDISCRIM 62**
**FREMP 145**
**GENDER 60**
**JAI 709**
**MI 350**
**SOC 335**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9573/25 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 19 Meitheamh 2025.

## An Treoir maidir le Cóir Chomhionann

An 2 Iúil 2008, chuir an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, arb é is aidhm dó an chosaint ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, mhíchumais, aoise nó gnéaschlaonta a leathnú go réimsí lasmuigh den fhostaíocht. Mar chomhlánú ar reachtaíocht AE[1] atá ann cheana sa réimse sin, dhéanfaí, leis an treoir chothrománach um chóir chomhionann atá beartaithe, idirdhealú ar na forais thuasluaite a thoirmeasc sna réimsí seo a leanas: an chosaint shóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte; an t-oideachas; agus rochtain ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht. I réimsí eile taobh amuigh den fhostaíocht, tá toirmeasc cheana féin ar leibhéal an Aontais ar idirdhealú ar bhonn inscne agus tionscnamh ciníoch nó eitneach.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 2 Aibreán 2009[2] faoin Nós Imeachta Comhairliúcháin. Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, is faoi Airteagal 19 CFAE a thagann an togra anois; fágann sin, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, go bhfuil aontoilíocht ag teastáil sa Chomhairle.

Níor éirigh leis an gComhairle an aontoilíocht atá ag teastáil i leith an togra a bhaint amach go fóill, togra a tíolacadh beagnach 17 mbliana ó shin. Cuireadh an Tuarascáil is déanaí ar Dhul Chun Cinn[3] faoi bhráid Chomhairle EPSCO an 20 Meitheamh 2024.

Cé go bhfuil tromlach mór na dtoscaireachtaí ag tacú leis an Treoir le fada an lá, agus go n-aontaíonn siad leis an aidhm atá aici an creat dlíthiúil atá ann cheana a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar na ceithre fhoras idirdhealaithe uile trí chur chuige cothrománach, chuir a thuilleadh acu in iúl gur ábhar imní dóibh a mhéid a chomhlíonann sí prionsabal na coimhdeachta, agus na himpleachtaí airgeadais a leanann an togra.

---

[1] Go háirithe, Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE ón gComhairle.

[2] Féach A6-0149/2009. Cheap an Pharlaimint reatha Alice Kuhnke (SE/na Glasaigh/an tSaor-Chomhghuaillíocht Eorpach) ina rapóirtéir.

[3] 10817/24

Ag tógáil ar an gcaibidlíocht fhaidréiseach, rinne an Chomhairle a míle dícheall arís eile teacht ar chomhaontú faoi Uachtaránachtaí éagsúla le scaitheamh. Rinneadh athdhréachtú fíorchuimsitheach ar an togra faoi Uachtaránachtaí comhleanúnacha chun an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, chun roinnt na n-inniúlachtaí a shoiléiriú agus chun an téacs a ailíniú le prionsabal na coimhdeachta. Ó baineadh na forálacha maidir leis an inrochtaineacht, is lú i bhfad na himpleachtaí airgeadais a leanann an Treoir. Leis na comhréitigh ar thángthas orthu sa Chomhairle, go háirithe le linn Uachtaránacht na Beilge in earrach 2024, tá glacadh anois ag gach Ballstát, geall leis, leis an treoir.

Meabhraítear gur chuir tromlach mór na mBallstát in iúl go neamhbhalbh arís agus arís eile, le bliain anuas, gur mian leo go dtiocfaí ar chomhaontú maidir leis an togra seo atá á phlé le fada fada an lá, agus go meastar dóibh gur fóirsteanach, tráthúil agus riachtanach sin a dhéanamh.[4]

Bhí sé beartaithe ag Uachtaránacht na Polainne an plé a chur chun cinn ionas go bhféadfaí an Treoir a ghlacadh a luaithe is féidir. Ach in éagmais aon mholtaí breise maidir le dréachtú ó na Ballstáit sin a bhfuil ábhair imní acu atá fós gan réiteach, níor fhéad an Uachtaránacht téacs comhréitigh nua a mholadh ná an aontoilíocht a bhaint amach sa Chomhairle.

Thacaigh an Coimisiún le fada leis an iarracht teacht ar chomhréiteach, bíodh is go bhfuil forchoimeádas grinnscrúdaithe aige i gcónaí maidir le haon athruithe ar an togra bunaidh uaidh ag an gcéim seo. Sa Chlár Oibre dá chuid 2025, a foilsíodh an 11 Feabhra 2025, d'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige an togra le haghaidh Treoir maidir le Cóir Chomhionann, a tharraingt siar.

[4] Cruinnithe Chomhairle EPSCO an 7 Bealtaine 2024, an 20 Meitheamh 2024 agus an 2 Nollaig 2024.

Ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 25 Feabhra, d'iarr 9 mBallstát ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar an rún atá aige an togra a tharraingt siar. Chuir 13 Bhallstát an tuairim sin in iúl freisin ag Comhairle EPSCO an 10 Márta.

I bhfianaise na bhforbairtí sin, an plé i dtionól Chomhairle EPSCO san áireamh, iarrtar ar na Ballstáit a n-aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

1) Tar éis don Choimisiún Eorpach fógra a thabhairt le déanaí go bhfuil sé ar intinn aige an togra a tharraingt siar, an gceapann tú go mbeifear in ann teacht ar an aontoilíocht is gá sa Chomhairle agus an mian leat leanúint den obair ar an téacs comhréitigh?

2) Murab amhlaidh an cás, ar mhaith leat go molfaí don Choimisiún togra nua a ullmhú lena dtabharfaí aghaidh, ar bhealach éifeachtach, ar chuspóirí an togra tosaigh agus lena mbunófaí creat comhleanúnach reachtaíochta i gcoinne an idirdhealaithe san Aontas?